ESB NETWORKS

Ceacht 05

Mapáil a dhéanamh ar Fhuinnimh Gaoithe

Ag Fiosrú Fheirmeacha Gaoithe Na Héireann

WEATHER Watch

Intinní Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo, beidh na daltaí in ann na nithe a leanas a dhéanamh:

- Úsáid a bhaint as léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus grianghraif ón aer chun na gnéithe fisiceacha agus daonna a bhíonn ag baint le láithreán feirme gaoithe a aithint.
- Míniú a thabhairt ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag an tíreolaíocht fhisiceach (airde, úsáid talún, rochtain, patrúin lonnaíochta) ar roghnú an tsuímh.
- Cur síos a dhéanamh ar na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le forbairt fuinnimh gaoithe do dhaoine agus don chomhshaol.
- Tuiscint a léiriú ar ról an fhuinnimh in-athnuaite i dtodhchaí inbhuanaithe na hÉireann.

ESB NETWORKS

Cad is fuinneamh in-athnuaite ann?

Cliceáil anseo le féachaint ar an bhfíseán

WEATHER Watch



- Tá léarscáil, grianghraf ón aer agus bileog eolais ag gach grúpa.
- Ba chóir do gach grúpa teacht suas chuig an gclár agus suíomh a bhfeirme gaoithe a mharcáil ar léarscáil na hÉireann
- Cén tuairim is féidir leat a thabhairt faoin suíomh a bhfuil cuid de na feirmeacha gaoithe is mó in Éirinn?



- An nasc idir feirmeacha gaoithe agus an ghnáthghaoth

Tosca a imríonn tionchar ar shuíomh feirmeacha gaoithe

- An mbíonn an suíomh gaofar? Is nithe a chuirtear san áireamh iad airde, treo agus fána.
- Uaireanta, déanfaidh bearna idir dhá cheantar sléibhe an ghaoth a threorú i dtreo na dtuirbíní.
- An bhfuil an suíomh gar d'fhoirgnimh nó do thithe?
- An bhféadfadh na leoraithe móra a theastóidh chun páirteanna na dtuirbíní a iompar rochtain a fháil ar an suíomh?
- An bhfuil aon srianta eile ann amhail aerfort nó crainn chumarsáide in aice láimhe?
- An bhfuil an tírdhreach suntasach? An gnáthóg faoi chosaint an ceantar?

ESB NETWORKS

Feirm Ghaoithe Abhainn Eidhneach



- Tá an Fheirm Ghaoithe suite ag **F 96 20.** Feicfidh tú nach bhfuil an tsiombail don Fheirm Ghaoithe le feiceáil mar nach bhfuil na léarscáileanna nuashonraithe ó tógadh í. Mar sin féin, feicfidh tú go bhfuil an tsiombail le haghaidh Stáisiún Cumhachta a úsáideann breoslaí iontaise ann, chun suíomh Stáisiún Bhord na Móna a chur in iúl.

© Copyright Google 2024. All rights reserved

Feirm Ghaoithe Abhainn Eidhneach



- Agus tú ag féachaint ar an léarscáil seo, cad iad na tuairimí is féidir leat a thabhairt faoin tírdhreach fisiceach agus faoi na cúiseanna a bhfuil sé oiriúnach do fheirm ghaoithe?

© Copyright Google 2024. All rights reserved

Feirm Ghaoithe Abhainn Eidhneach

- Tá Abhainn Eidhneach suite in Iarthuaisceart Mhaigh Eo.
- Tá an fheirm ghaoithe suite ar thalamh 2,400 heicteár. D'úsáideadh Bord na Móna an láithreán san am atá thart le móin a bhaint agus breosla a chur ar fáil do stáisiún cumhachta móna ESB, Béal Átha Chomhraic.
- Is í Feirm Ghaoithe Abhainn Eidhneach an fheirm ghaoithe ar tír is mó in Éirinn. Gineann sé dóthain fuinnimh chun freastal ar éileamh thart ar 140,000 teach agus gnólacht gach bliain.
- Is comhfhiontar idir ESB agus Bord na Móna an fheirm ghaoithe, agus léiríonn sé seo an tiomantas atá ag an dá eagraíocht do sprioc an Rialtais go mbeidh 80% d'fuinneamh ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030.
- Tógadh an fheirm ghaoithe ina dá chuid. Sa bhliain 2019, tógadh naoi dtuirbín is fiche, agus ag deireadh na bliana 2023, thosaigh aon tuirbín gaoithe is tríocha ag feidhmiú. Tá ocht dtuirbín gaoithe déag eile beartaithe don fheirm ghaoithe seo.

Feirm Ghaoithe Abhainn Eidhneach agus an Bonneagar

- Tá líonra maith bóithre sa cheantar, rud a d'éascaigh tógáil na feirme gaoithe. Déantar lanna tuirbíní a iompórtáil in aon phíosa amháin agus tá sé deacair ó thaobh iompair de iad a chur isteach
- Fágann an líonra maith bóithre agus a chóngaraí atá sé do Chalafort na gCealla Beaga ar an gcósta thiar (i gcomparáid le Calafort Bhaile Átha Cliath ar an gcósta thoir) gur suíomh maith é seo d'fheirm ghaoithe.Bhí bonneagar leictreachais agus leathanbhanda ann cheana féin ag an suíomh seo freisin.





Nasc chuig Abhainn Eidhneach ar Iéarscáileanna Google: https://maps.app.goo.gl/QTpQcBf3me9jhTvs8

Cuardaigh Abhainn Eidhneach ar Iéarscáileanna Scoilnet le féachaint ar an ngréasán bóithre sa cheantar: https://maps.scoilnet.ie/OSiMaps/EsriVer17/index.html/ga

ESB NETWORKS

Obair ghrúpa – Iniúchadh a dhéanamh ar shuíomh feirme gaoithe

Aimsigh agus Déan Cur Síos:

- Aimsigh suíomh na feirme gaoithe ar an léarscáil SO.
- Déan cur síos ar an tírdhreach atá timpeall air (talamh ard/talamh íseal, fásra, sruthchórais, úsáid talún).
- Aimsigh bealaí rochtana agus lonnaíochtaí atá in aice láimhe.

Déan comparáid idir an Léarscáil agus an Grianghraf ón Aer:

- Bain úsáid as an ngrianghraf ón aer chun an méid chonaic tú ar an léarscáil SO a dheimhniú.
- Aimsigh gnéithe infheicthe ar an bhfeirm ghaoithe (leagan amach na dtuirbíní, bóithre rochtana, fostáisiúin).

Anailís:

- Meas tú cén fáth a roghnófaí an suíomh seo le haghaidh feirm ghaoithe?
- Cén fhianaise ar ghníomhaíocht an duine nó ar athruithe ar an úsáid talún a fheiceann tú?

Machnamh:

- Cad iad na buntáistí agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann do dhaoine atá ina gcónaí sa chóngar?

WEATHER Watch

ESB NETWORKS

Cuir do chuid torthaí i láthair!

ESB NETWORKS

Maith thú!

Tá Ceacht 5 críochnaithe agat.

WEATHER Watch

ESB NETWORKS

Iarrtar cúig cheacht críochnaithe

- Anois go bhfuil na cúig cheacht críochnaithe agat, iarrtar ort suirbhé gairid do dhaltaí a chomhlánú.
- Go raibh maith agat, is mór againn do thuairimí.

Nasc chuig an suirbhé do dhaltaí

WEATHER Watch